GNÍOMHARTHA ARNA NGLACADH AG COMHLACHTAÍ ARNA GCRUTHÚ LE COMHAONTUITHE IDIRNÁISIÚNTA

CINNEADH. Uimh 1/2020 ÓN GCOMHCISTE A BUNAÍODH FAOIN GCOMHAONTÚ IDIR AN COMHPHOBAL EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT DE PHÁIRT AMHÁIN, AGUS CÓNAIDHM NA HEILVÉISE, DEN PHÁIRT EILE, MAIDIR LE SAORGHLUAISEACHT DAOINE

an 15 Nollaig 2020

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le comhordú scéimeanna slándála sóisialta [2021/137]

TÁ AN COMHCHOISTE,

Ag féachaint don Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine ([1]) ("an Comhaontú") agus go háirithe Airteagail 14 agus 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Scoirfidh an Comhaontú d'fheidhm a bheith aige maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

(2) De bhun Airteagal 23 den Chomhaontú, ní dhéanfar difear do chearta a gheobhaidh daoine príobháideacha aonair i gcás ina bhfoirceannfar an Comhaontú, agus socróidh na Páirtithe Conarthacha trí chomhaontú frithpháirteach cén ghníomhaíocht a bheidh le déanamh i leith cearta atá á bhfáil.

(3) Luaitear in Airteagal 33 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([2]) ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") go mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III de Chuid 2 den Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le náisiúnaigh den Íoslainn, de Phrionsacht Lichtinstéin, de Ríocht na hIorua agus de Chónaidhm na hEilvéise ar choinníoll go dtabharfaidh na tíortha sin i gcrích comhaontuithe comhfhreagracha agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm iad leis an Ríocht Aontaithe, comhaontuithe a mbeidh feidhm acu maidir le saoránaigh de chuid an Aontais, chomh maith le comhaontuithe comhfhreagracha leis an Aontas a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, gach comhaontú faoi seach.

(4) Luaitear in Airteagal 26b den Chomhaontú idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cearta na saoránach tar éis tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach agus as an gComhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine ("Comhaontú maidir le Cearta na Saoránach") go mbeidh feidhm ag forálacha Chuid III den chomhaontú maidir le saoránaigh de chuid an Aontais, ar choinníoll go dtabharfaidh an tAontas i gcrích agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm comhaontuithe comhfhreagracha leis an Ríocht Aontaithe, comhaontuithe a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh de chuid na hEilvéise, chomh maith le comhaontuithe comhfhreagracha leis an Eilvéis a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, faoi seach.

(5) Ní mór cosaint chómhalartach na gceart slándála sóisialta a sholáthar do náisiúnaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, daoine atá nó a bhí, faoi dheireadh na hidirthréimhse, mar a shainmhínítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ag maireachtáil i staid trasteorann lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú agus an Ríocht Aontaithe ag an am céanna,

([1]) IO L 114, 30.4.2002, lch. 6.
([2]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

TAR ÉIS A CINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Bunaíodh an cinneadh seo i mBéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis„ san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, agus san Ungáiris, agus gach ceann de na téacsanna sin ar chomhudarás lena chéile.

Airteagal 3

An dáta a ghlacfaidh an Comhchoiste é, sin é an dáta a thiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm agus beidh feidhm aige ó dheireadh na hidirthréimhse mar a shainítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

Thar ceann an Chomhchoiste

An Cathaoirleach
Cornelia LUETHY

Na Rúnaithe
Nathalie MARVILLE DOSEN
Malgorzata SENDROWSKA

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus Cónaidhm na hEilvéise, den pháirt eile, maidir le saorghluaiseacht daoine mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear "Prótacal I" in ionad "an Prótacal";

(b) I mír 2, cuirtear "Prótacal I" in ionad "An Prótacal".

(2) Cuirtear isteach airteagal nua, Airteagal 4 tar éis Airteagal 3:

"Airteagal 4

1. Leagtar amach i bPrótacal II den Iarscríbhinn seo na socruithe a bhaineann le cosaint a thabhairt do na cearta a gheobhaidh daoine príobháideacha aonair faoin gComhaontú seo de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

2. Is cuid dhílis den Iarscríbhinn seo atá i bPrótacal II.".

(3) Tar éis roinn C cuirtear "Prótacal I" in ionad an teidil "Prótacal".

(4) Cuirtear isteach Prótacal II nua tar éis Prótacal I:

""PRÓTACAL II

d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gComhaontú maidir le saorghluaiseacht daoine

ÓS RUD É go luaitear in Airteagal 33 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") go mbeidh feidhm ag Teideal III de Chuid 2 den Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le náisiúnaigh den Íoslainn, de Phrionsacht Lichtinstéin, de Ríocht na hIorua agus de Chónaidhm na hEilvéise ar choinníoll go dtabharfaidh na tíortha sin i gcrích agus go gcuirfidh siad i bhfeidhm comhaontuithe comhfhreagracha le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a mbeidh feidhm acu maidir le saoránaigh de chuid an Aontais, chomh maith le comhaontuithe leis an Aontas a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe,

I bhFIANAISE go luaitear in Airteagal 26b den Chomhaontú idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cearta na saoránach tar éis don Ríochta Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine go mbeidh feidhm ag forálacha Theideal III den chomhaontú sin maidir le saoránaigh de chuid an Aontais, ar choinníoll go dtabharfaidh an tAontas i gcrích agus go gcuirfidh sé i bhfeidhm comhaontuithe comhfhreagracha le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, comhaontuithe a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Eilvéis, chomh maith le comhaontuithe comhfhreagracha leis an Eilvéis a mbeidh feidhm acu maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe,

AG AITHINT DÓIBH gur gá cosaint chómhalartach na gceart slándála sóisialta a sholáthar do náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, daoine atá nó a bhí, faoi dheireadh na hidirthréimhse, ag maireachtáil i staid trasteorann lena mbaineann ceann amháin nó níos mó de na Páirtithe Conarthacha sa Chomhaontú maidir leis Saorghluaiseacht Daoine, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ag an am céanna,

Airteagal 1

Sainmhínithe agus tagairtí

1. Chun críoch an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(a) ciallaíonn "Comhaontú um Tharraingt Siar" an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([1]);

(b) ciallaíonn "Comhaontú um Chearta na Saoránach" an Comhaontú idir Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le cearta saoránach tar éis don Ríochta Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus an Comhaontú um Shaorghluaiseacht Daoine;

([1]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

(c) Ciallaíonn "Na Stáit atá cumhdaithe" Ballstáit an Aontais agus an Eilvéis;

(d) ciallaíonn "idirthréimhse" an idirthréimhse ina dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar;

(e) na sainmhínithe in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

2. Chun críocha an Phrótacail seo, gach tagairt do na Ballstáit agus d'údaráis inniúla na mBallstát sna forálacha sin i ndlí an Aontais a dhéantar infheidhme leis an bPrótacal seo, tuigfear go n-áirítear iontu an Ríocht Aontaithe agus na húdaráis inniúla atá aici.

Airteagal 2

Daoine atá cumhdaithe

1. Beidh feidhm ag an bPrótacal seo maidir leis na daoine a leanas:

(a) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe atá faoi réir reachtaíocht ceann de na Stáit atá cumhdaithe i ndeireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;

(b) náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe atá ina gcónaí i gceann de na Stáit atá cumhdaithe, agus atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe i ndeireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;

(c) daoine nach dtagann faoi phointe (a) ná pointe (b) ach ar náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe iad a ghabhann do ghníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó féinfhostaithe i gceann amháin nó níos mó de na Stáit atá cumhdaithe i ndeireadh na hidirthréimhse, agus, bunaithe ar Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí;

(d) daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí i Stát atá cumhdaithe nó sa Ríocht Aontaithe, daoine atá i gceann de na cásanna a thuairiscítear i bpointe (a) go pointe (c), chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí.

2. Déanfar na daoine dá dtagraítear i mír 1 a chumhdach chomh fada agus a leanfaidh siad orthu gan bhriseadh i gceann de na cásanna a leagtar amach sa mhír sin a bhaineann le ceann de na Stáit atá cumhdaithe agus leis an Ríocht Aontaithe araon ag an am céanna.

3. Beidh feidhm ag an bPrótacal seo freisin maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe nach dtagann, nó nach dtagann a thuilleadh, faoi cheann de na staideanna a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo ach a thagann faoi réim Airteagal 10 den Chomhaontú um Tharraingt Siar nó faoi réim Airteagal 10 den Chomhaontú um Chearta na Saoránach, mar aon lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí.

4. Déanfar na daoine dá dtagraítear i mír 3 a chumhdach fad agus a leanfaidh siad de cheart a bheith acu chun cónaí i gceann de na Stáit atá cumhdaithe faoi Airteagal 13 den Chomhaontú um Tharraingt Siar nó faoi Airteagal 12 den Chomhaontú um Chearta na Saoránach, nó ceart a bheith acu oibriú ina Stát oibre faoi Airteagal 24 nó 25 den Chomhaontú um Tharraingt Siar nó Airteagal 20 den Chomhaontú um Chearta na Saoránach.

5. Más do bhaill teaghlaigh agus do mharthanóirí a thagraíonn an tAirteagal seo, ní chumhdófar na daoine sin leis an bPrótacal seo ach amháin a mhéid atá cearta ag dul dóibh, agus oibleagáidí sa cháil sin, faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

Airteagal 3

Rialacha maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta

1. Beidh feidhm ag na rialacha agus na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 8 den Chomhaontú agus san Iarscríbhinn seo a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Saorghluaiseacht Daoine, Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009, maidir leis na daoine atá cumhdaithe leis an bPrótacal seo.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO L 166, 30.4.2004, lch. 1, faoi mar a cheartaítear in IO L 200, 7.6.2004, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 lena leagtar síos an nós imeachta chun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta a chur chun feidhme (IO L 284, 30.10.2009, lch. 1).

2. Tabharfaidh na Stáit atá cumhdaithe an aird iomchuí ar Chinntí agus ar Mholtaí an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta a ghabhann leis an gCoimisiún Eorpach, arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ("an Coimisiún Riaracháin") a liostaítear i gCuid B agus C den Iarscríbhinn seo.

Airteagal 4

Cásanna speisialta atá cumhdaithe

1. Beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas sna cásanna seo a leanas a mhéid a leagtar amach san Airteagal seo, a mhéid a bhaineann siad le daoine nach gcumhdaítear, nó nach bhfuil cumhdaithe a thuilleadh le hAirteagal 2:

(a) maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe a bhí faoi réir reachtaíocht ceann de na Stáit a bhí á gcumhdach roimh dheireadh na hidirthréimhse, chomh maith lena mbaill teaghlaigh agus a marthanóirí, beidh siad cumhdaithe leis an bPrótacal seo chun críocha spleáchais ar thréimhsí árachais, fostaíochta, féinfhostaíochta nó cónaithe, agus chun críocha a gcomhiomlánaithe, lena n-áirítear cearta agus oibleagáidí a eascraíonn as na tréimhsí sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004; chun críocha comhiomlánaithe tréimhsí, cuirfear san áireamh tréimhsí ar tháinig deireadh leo roimh dheireadh na hidirthréimhse nó ina dhiaidh sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 883/2004;

(b) Na rialacha a leagtar amach in Airteagail 20 agus 27 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, is rialacha iad a bheidh fós i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe, náisiúnaigh a d'iarr údarú roimh dheireadh na hidirthréimhse do chúrsa réamhbheartaithe i gcóireáil cúraim sláinte de bhun Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, go dtí deireadh na cóireála. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta aisíocaíochta comhfhreagracha fiú tar éis na cóireála. Beidh sé de cheart ag na daoine sin agus ag lucht tionlacain teacht isteach i Stát na cóireála agus é a fhágáil i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú um Tharraingt Siar *mutatis mutandis* agus i gcomhréir le hAirteagal 13 den Chomhaontú um Chearta Saoránach *mutatis mutandis*;

(c) beidh na rialacha a leagtar amach in Airteagail 19 agus 27 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 fós i bhfeidhm maidir le náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe agus atá cumhdaithe ag Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus atá ar thréimhse fanachta i ndeireadh na hidirthréimhse i gceann de na Stáit atá cumhdaithe nó sa Ríocht Aontaithe, go dtí deireadh a dtréimhse fanachta. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta aisíocaíochta comhfhreagracha fiú tar éis na tréimhse fanachta nó tar éis na cóireála;

(d) beidh na rialacha a leagtar amach in Airteagail 67, 68 agus 69 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 fós i bhfeidhm, fad a chomhlíonfar na coinníollacha, maidir le dámhachtainí sochar teaghlaigh a bhfuil teidlíocht i ndeireadh na hidirthréimhse le haghaidh náisiúnaigh den Ríocht Aontaithe, chomh maith le daoine gan stát agus dídeanaithe atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe atá faoi réir reachtaíocht na Ríochta Aontaithe agus a bhfuil baill teaghlaigh acu ina gcónaí i gceann de na Stáit atá cumhdaithe i ndeireadh na hidirthréimhse;

(e) sna cásanna a leagtar amach i bpointe (d) den mhír seo, maidir le haon duine a bhfuil cearta aige mar bhall teaghlaigh i ndeireadh na hidirthréimhse faoi Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, amhail cearta díorthaithe ar shochair bhreoiteachta chomhchineáil, leanfaidh an Rialachán sin agus na forálacha comhfhreagracha de Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 d'fheidhm a bheith acu fad a chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear ann.

2. Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 1 de Theideal III de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 maidir le sochair bhreoiteachta i dtaca le daoine a fhaigheann sochair faoi phointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo.

Beidh feidhm ag an mír seo *mutatis mutandis* maidir le sochair theaghlaigh atá bunaithe ar Airteagail 67, 68 agus 69 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004.

Airteagal 5

Aisíocaíocht, aisghabháil agus fritháireamh

Maidir leis na forálacha atá i Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 maidir le haisíocaíocht, aisghabháil agus fritháireamh, is forálacha iad a leanfaidh d'fheidhm a bheith acu maidir leis na teagmhais, a mhéid a bhaineann siad le daoine nach mbeidh cumhdaithe le hAirteagal 2, teagmhais:

(a) a tharla roimh dheireadh na hidirthréimhse; nó

(b) a tharla tar éis dheireadh na hidirthréimhse agus a bhfuil baint acu le daoine a bhí cumhdaithe le hAirteagail 2 nó 4 nuair a tharla an teagmhas.

Airteagal 6

Forbairt dlí agus oiriúnaithe

1. D'ainneoin mhír 3, tuigfear na tagairtí sa Phrótacal seo do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus do Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 nó d'fhorálacha díobh, le bheith ina dtagairtí do na gníomhartha nó do na forálacha arna n-ionchorprú sa Chomhaontú, de réir mar is infheidhme ar lá deiridh na hidirthréimhse.

2. I gcás ina ndéanfar Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 a leasú nó a ionadú tar éis dheireadh na hidirthréimhse, tuigfear na tagairtí do na Rialacháin sin sa Phrótacal seo le bheith ina dtagairtí iad do na Rialacháin sin arna leasú nó arna n-ionadú, i gcomhréir leis na gníomhartha a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, agus Cuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú um Chearta na Saoránach, a mhéid a bhaineann leis an Eilvéis.

3. Chun críocha an Phrótacail seo, tuigfear gurb iad Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 987/2009 na hoiriúnuithe a liostaítear i gCuid III d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, a mhéid a bhaineann leis an Aontas, agus Cuid III d'Iarscríbhinn I de Chomhaontú um Chearta na Saoránach, maidir leis an Eilvéis.

4. Chun críocha an Phrótacail seo, tiocfaidh na leasuithe agus na hoiriúnuithe dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 i bhfeidhm ar an lá tar éis an lae a thiocfaidh na leasuithe agus na hoiriúnuithe comhfhreagracha ar Iarscríbhinn I i bhfeidhm, leasuithe agus oiriúnuithe a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar nó ar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú um Chearta na Saoránach, cibé acu is déanaí.""